Plean DEIS 2025-2028

Coláiste Cholmcille Indreabhán

9. Plean le Gnóthachtáil Scrúduithe a Fheabhsú

Plean le Gnóthachtáil a Fheabhsú

Spriocanna:

Léirigh go soiléir an chaoi inar cheart go dtiocfadh feabhas ar Ghnóthachtáil mar thoradh ar bhearta i bplean DEIS na scoile (cuir uimhir leis na spriocanna)

Sprioc 1: Bainfidh chuile mhúinteoir amach an leibhéal cleachtais is airde atá sonraithe i réimsí cleachtais 1 agus 2 sa cháipéis Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA / LAOS): *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar- Bhunscoileanna*: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232730/7c16ddf6-0c83-4621-afe2-4bd4d6574177.pdf#page=null

Sprioc 2: Foghlaimeoidh gach múinteoir a gcuid teagaisc a dhifreáil do na scoláirí uilig atá acu.

Sprioc 3: Bainfidh múinteoirí úsáid as straitéisí foghlama gníomhacha le linn 50% de gach rang.

Tá na spriocanna seo clóiteach le
Critéir Theangbhunaithe na Scéime:
Luachanna hÉiteas an BOOÉ seo a leanas: Barrfeabhas san oideacha

Gníomhartha:
Luaigh na bearta atá molta (idir chinn reatha agus chinn nua) le Gnóthachtáil a fheabhsú. *Ba cheart go ndéanfaí na gníomhartha i ndiaidh a chéile agus go mbeidís comhordaithe thar thréimhse trí bliana an phlean leis an éifeacht is mó is féidir a bhaint amach*.

Beart	Chun díriú ar sprioc(anna) uimh.	Cé?	Príomh fhreagracht	Cathain?	Acmhainní?
Sprioc 1: Bainfidh múinteoirí amach an leibhéal is airde cleachtais sonraithe in AFSA (LAOS)					
Beidh fáil ag scoláirí na scoile ar an gcuraclam trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus an Fhraincis agus muid ag dul i dtreo lántumtha.	Spriocanna 1 – 11 den Scéim aitheantais	Foireann ar fad	Gach ball foirne	Go leanúnach	

Cuirfear oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge ar fáil do na scoláirí, ag cuir san áireamh riachtanais difriúla na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge. Forbrófar plean gníomhaíochta feabhsúcháin uile-scoile a chinnteoidh an Ghaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe sa scoil ag cuir chun cinn na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge. Tríd an bpróiséas féinmheastóireacht scoile (FMS) déanfar athbhreithniú agus feabhas leanúnach ar soláthair oideachais trí Ghaeilge sa scoil. Cuirfear sonraíocht T1 don Ghaeilge i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach sa scoil. Úsáidfear acmhainní Gaeilge chun tacú leis an múineadh sna ranganna uile, seachas ranganna Béarla agus Fraincíse. Cuirfear ar fáil gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim trí Ghaeilge Tacófar le hobair an phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí úsáid na Gaeilge a chothú sa scoil agus sa phobal áitiúil Tabharfar tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile Cruthófar naisc theanga agus oideachais atá úsáideach, tairbheach le scoileanna eile trí mheán an idirlín. Déanfar gach iarracht le foireann scoile a fhostú atá líofa sa Ghaeilge agus in ann feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge, i gceantar Gaeltachta.					
Déanfaidh gach múinteoir féin-mheastóireacht ar a gcleachtas múinteoireachta féin, ag úsáid réimsí 1 agus 2 de AFSA, agus cuirfidh siad plean	*1*	Gach múinteoir	Gach múinteoir	Tús chuile scoilbhliain	Réimsí 1 agus 2 den cháipéis AFSA (LAOS): Ag Breathnú ar an Scoil

feabhsúcháin i bhfeidhm chun leibhéil a ardú, de réir mar is gá. Roinnfidh múinteoirí dea-chleachtas le baill eile foirne. Bainfidh gach ball foirne le pobal forbartha gairmiúil lasmuigh den scoil (PLC). Bainfidh múinteoirí úsáid as spriocanna foghlama soiléire agus oiriúnacha[1] ag tús chuile rang chun go dtuigfidh scoláirí céard atá le foghlaim acu agus chun cabhrú le fócas an scoláire. Déanfaidh múinteoirí measúnú sciobtha ag deireadh chuile rang chun a fháil amach ar éirigh le scoláirí na spriocanna foghlama don rang a bhaint amach.	*1*	Gach múinteoir	Gach múinteoir	Go leanúnach	Againne (ABSA / LAOS): *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232730/7c16ddf6-0c83-4621-afe2-4bd4d6574177.pdf#page=null Líonraí de chuid BOOGR, líonraí ábhar &rl. ntinní foghlama an ranga a theilgeadh suas nó a scríobh ar an gclár bán ag tús agus ag deireadh chuile ranga
Bainfidh múinteoirí úsáid as measúnuithe foirmitheacha agus tabharfaidh siad aiseolas soiléir do scoláirí in am cuí. Úsáidfidh múinteoirí an t-aiseolas ó na scoláirí chun a gcuid teagaisc a ath-oiriúniú de réir mar is gá agus chun aithint má theastaíonn tacaíochtaí breise ó scoláirí i réimsí áirithe.	1	Gach múinteoir	Múinteoirí ranga	Go leanúnach. Gach rang	Leathnú ar an eolas agus réimsí straitéisí ó cheardlanna FGL déanta ag múinteoirí ar cpd.ie, esci.ie &rl. Acmhainní crua ón CSTS nó acmhainní

[1] i.e. do na scoláirí os a gcomhair agus a leibhéal foghlama reatha maraon le príomh-riachtanais an churaclaim

Bainistíocht – cinnteoidh go mbeidh coinníollacha i bhfeidhm a chabhraíonn le teagasc agus foghlaim d'ard-chaighdeán a chur i bhfeidhm (curaclam/clár ama/riarachán/leithroinnt uaireanta tacaíocht foghlama, acmhainní, líon scoláirí i ranganna/bainistiú ar thinreamh múinteoirí).					digiteacha cosúil le Mentimetre, Kahoot
Déanfaidh an Príomhoide chuile iarracht:					
Bainistíocht – seachain ranganna a shruthú de réir ábaltacht agus an clár ama á réiteach[2]		Príomhoide	Príomhoide	Uair sa bhliain ar a laghad	
Déanfaidh foireann na scoile ard-chúram dá dtinreamh agus poncúlacht féin.					
Déanfaidh an TBSP anailís ar thorthaí scrúduithe Tí agus ar bhréag-scrúduithe go luath tar éis dóibh a bheith foilsithe ar Tyro d'fhonn scoláirí I mbaol teipthe i scrúduithe Stát a aithint.		TBSP	Príomhoide		
Eagróidh an TBSP tacaíochta breise do scoláirí le torthaí acadúla ísle I gcomhar leis an bPríomhoide, Leas-Phríomhoide, an Clár Críochnú Scoile, an Comhordaitheoir Tacaíocht Foghlama agus an Comhairleoir Treorach.		TBSP	TBSP		
Úsáidfear an maoiniú a ghabhann leis na scéimeanna DEIS agus CSTS chun cur le deiseanna foghlama: díreofar go		TBSP Príomhoide Leas-phríomhoide			Maoiniú DEIS agus CSTS

[2] NB: tá **cothromaíocht deiseanna** i gcroí-lár na scéime DEIS

háirithe ar mhaoiniú na n-ábhar is mó a mbíonn deacracht ag scoláirí leo. Cruthófar polasaí chun freastal níos fearr ar scoláirí tréitheacha.		Clár Críochnú Scoile, Comh. Tac. Fogh. MOD Comhordaitheoirí DEIS agus CSTS	 TBSP CCS		
Sprioc 2: Difreáil					
Déanfaidh múinteoirí difreáil sa teagasc ar leibhéal an luais, an ábhair nó cur i láthair an ranga chun rananphairtíocht níos fearr a fháil ó na scoláirí. Beidh an leibhéal dúshláin sa bhfoghlaim oiriúnaithe do chuile scoláire chomh fada agus is féidir. Foghlaimeoidh múinteoirí cén chaoi le CFL2 a mhúineadh mar chuid de ranganna príomhshrutha 1-3 bliain. Lorgóidh múinteoirí tacaíochtaí, acmhainní nó treoir i leith teagasc/ionchuimsiú scoláirí CFL1 nó CFL2 ó na múinteoirí tacaíochta, go h-áirithe MM, de réir mar is gá.	2	Gach múinteoir Gach múinteoir Gach múinteoir príomhshrutha a bhfuil scoláire a bhíonn ag freastal freisin ar an rang NFGM (s22) sa rang acu. Gach múinteoir a bhfuil scoláire le NGFM ina rang /MM	Gach múinteoir Gacn múinteoir Gach múinteoir Gach múinteoir	Go leanúnach Go leanúnach De réir mar is gá. De réir mar is gá	Acmhainní digiteacha. Féach plean digiteach. Acmhainní CSTS **Cuirfidh múinteoirí an cantanam tacaíochta i bhfeidhm ag leibhéal 1 (i.e. leibhéal an ranga). Cloífear leis an bPolasaí Riachtanais Bhreise Oideachasúla agus leis an bPolasaí Uilethreorach sa mhéid seo.**

Glacfaidh chuile mhúinteoir freagracht orthu féin Forbairt Leanúnach Gairmiúil a dhéanamh de réir mar is gá sin. Cinnteoidh ard-bhainistíocht na scoile go mbeidh ar a laghadh seisiún amháin Pháirc an Chrócaigh in aghaidh na bliana tiomanta do FGL ar scil na difreála.		Gach múinteoir PÓS / NNS	Gach múinteoir	De réir mar is gá Seisiún Pháirc an Chrócaigh amháin chuile bhliain	Déanfaidh múinteoirí cúrsaí leis an Esci.ie, ncse.ie, jct &rl chun a bheith inniúil i scil na difreála. Tacaíocht iompraíochta – FGL le déanamh ag múinteoirí sa réimse seo. CFL1 agus CFL2 le jct.ie https://www.jct.ie/l1lp/cpd_supports_cpd_workshops_2022_2023 https://www.jct.ie/l2lp/mainstream_school_cpd_workshops_2022_2023 Acmhainní S22 agus CSTS
Foireann scoile ar fad – cothóidh muid atmaisféar tacúil, dearfach agus fáiltiúil don scoláire.	2	Foireann na scoile	Gach ball den bhfoireann	An t-am go léir	
Múinteoirí- cothaigh dea-chaidreamh le scoláirí (moladh/ Cuir ceisteanna a bhfuil freagraí acu orthu, ionchais arda/ caithfidh siad go cóir le cách.)	2	Múinteoirí CRS Múinteoirí	Múinteoirí CRS Múinteoirí	An t-am go léir	FGL I réimsí na folláine agus na tacaíochta iompraíochta. Ncse.ie agus esci.ie

Cruthóidh múinteoirí atmasféar sábháilte agus tacúil ina gcuid ranganna. Forbróidh siad caidrimh dhearfacha le scoláirí. Beidh múinteoirí tuisceanach faoi agus tacúil le scoláirí le neamhord iompraíochta nach bhfuil in ann bainistiú a dhéanamh ar mhothúcháin láidre.				Go leanúnach C3 2023 ar aghaidh	Traenáil inscoile CNOS/ Acmhainní nsce.ie Éisteacht le guth an scoláire.
Sprioc 3: Beidh scoláirí níos gníomhaí ina gcuid foghlaim féin.					
Beidh sé mar aidhm go mbeidh na scoláirí gníomhach ina gcuid foghlaim féin **50%** de chuile rang Déanfaidh múinteoirí FGL i modhanna múinteoireachta gníomhacha, de réir mar is gá. Fiosróidh múinteoirí na féidirthachtaí a bhaineann le AI cosúil le chatgpt chun scoláirí a ghríosadh le foghlaim. Eagrófar Staidéar tar éis scoile 3 lá sa tseachtain Cuirfidh gach múinteoir liosta de 3 shuíomh idirlín nó aipeanna sonrach dán n-ábhar féin[3] a thugann deiseanna do scoláirí freagracht a ghlacadh as a gcuid gnóthachtála féin lasmuigh den scoil. Forbrófar polasaí chun freastal níos fearr a dhéanamh ar scoláirí tréitheacha sa scoil.	3	Gach múinteoir Príomhoide Rannóg Tacaíocht Foghlama Gach múinteoir TBSP CCS Gach Múinteoir Príomhoide	Gach múinteoir Gach Múinteoir Gach múinteoir Gach múinteoir TBSP CCS	Go leanúnach Gach bliain, ar feadh tréimhse 20 seachtainí	Scoláirí ag réiteach fadhbanna Tograí Obair bheirte / obair ghrúpa Uirlisí digiteacha -TFC FGL ar Esci.ie agus pdst.ie úsáid a bhaint as chatgpt nó uirlisí eile AI de réir mar is gá. Maoiniú ón gClár Críochnú Scoile

[3] i.e. **sa bhreis** ar shuíomhanna ginearálta cosúil le Studyclix nó examinations.ie

Monatóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

Déanfaidh an Coiste Gnóthachtála cruinniú amháin a eagrú le linn chuile théarma chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith na spriocanna thuasluaite.

Meastóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar meastóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um Ghnóthachtáil I scrúduithe
Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir

- **Déanfar meastóireacht ar na torthaí faighte sna scrúduithe stát ag an gcruinniú thuasluaite.**